Líon an Dúlra

Eagrán 19 Earrach 2017

San eagrán seo...

Leathanach an Eagarthóra

An Carraigín

Eoin Ó Foghlú, an Foghlaí Bréige

An Phéacóg

Dathaigh Leat

Ar Aghaidh leis an Obair

Sábháilteacht ar Muir
Coimisinéirí Soilse na hÉireann

Comharthaí Loingseoireachta

Tóraíocht Dúlra an Earraigh

An Saol Mórthimpeall Orainn

Bí ag Foghlaim

Leathanach Spraoi

Bolb Beartach

Cuardach Focal an Earraigh

Dialann Dúlra

Foclóirín



Caoinchead © Susan Murphy Wickens

Íomhánna le caoinchead Robbie Murphy

Ag Seoladh trí Chuan Dhún na Séad

Teach solais Inis Arcáin

Bíonn sé fíorthábhachtach a bheith ábalta do shlí a fháil[1] agus tú amuigh ar an bhfarraige. Mar sin, bíonn comharthaí ann ar fud na tíre a chabhraíonn le bádóirí agus mairnéalaigh[2] a mbealach a dhéanamh go slán sábháilte, comharthaí loingseoireachta[3] a thugtar orthu. Tá go leor de na comharthaí loingseoireachta i gCuan Dhún na Séad le feiceáil ón mbád farantóireachta[4] go hInis Arcáin.

Is é Rabhcán Dhún na Séad[5] an comhartha is feiceálaí[6] sa cheantar. Marcálann an Rabhcán agus an teach solais ar Inis Arcáin an bealach isteach go Cuan Dhún na Séad. Ar na carraigeacha laistíos[7] den rabhcán atá Baoi Loo. Ainmníodh an baoi[8] sin as long cogaidh Shasanach[9], *HMS Looe,* a chuaigh i dtír[10] ar na carraigeacha in 1697.

Tá carraigeacha i lár an chuain a bhíonn le feiceáil agus lag trá[11] ann. Tá rabhcán príomhairde[12] ar na carraigeacha sin ar a dtugtar an fara[13]. Tá sé 12 m ar airde. Níos gaire do Ché Dhún na Séad tá baoi Charraig Wallis. Marcálann an baoi sin carraigeacha dáinséaracha san uisce. Nuair a bhíonn lag trá ann ní bhíonn siad ach 1.8 méadar faoi dhromchla an uisce[14].

Nuair a fheiceann duine na comharthai sin ar fad gach lá b'fhéidir nach rithfeadh sé leis chomh tábhachtach is atá siad. Ach murach iad bheadh an fharraige timpeall orainn i bhfad níos dáinséaraí!

Baoi Charraig Wallis

Baoi Loo

An Rabhcán Príomhairde

A Léitheoir dhil
Fáilte chuig Eagrán an Earraigh de *Líon an Dúlra*. Mar is gnách tá sé lán le fíricí spéisiúla spraíúla faoin dúlra anseo in Éirinn agus thar lear, agus tá neart cluichí agus gníomhaíochtaí ann freisin. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as!

Susan

R-phost:
editor@naturesweb.ie
Láithreán Gréasáin:
www.naturesweb.ie
Eagarthóir:
Susan Murphy Wickens
Leagan Amach agus Dearadh:
Susan Murphy Wickens
Grianghraif agus Fáisc-ealaín:
Cóipcheart © 2016 Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.
Comhfhreagraí Eachtrach:
Michael Ludwig
Leagan Gaeilge:
© Foras na Gaeilge 2017
© Stáisiún Mara Inis Arcáin 2016

Bia Mara Rósta

Bia do sheisear (6)

Na Comhábhair:

- 6 fhilléad d'iasc bán ar bith[1]
- 50 g im
- 2 scailliún[2] agus iad mionghearrtha[3]
- 110 g muisiriún agus iad gearrtha ina slisíní[4]
- 110 g cúscús[5], bulgar[6] nó rís – é cócaireáilte roimh ré[7]
- 25 g cnónna péine[8]
- 4 shlisne de liamhás Parma[9] nó slisíní de bhagún stríocach[10]
- Salann agus piobar

Modh:

- Leáigh an t-im[1] agus sótáil[2] na scailliúin agus na muisiriúin go réidh. Cuir salann agus piobar orthu mar bhlastanas[3].
- Chun an búiste[4] a dhéanamh, cuir na scailliúin agus na muisiriúin isteach leis an gcúscús agus na cnónna péine.
- Leag na filléid éisc[5] amach ar chlár nó ar phláta agus blaistigh[6] iad.
- Cuir spúnóg nó dhó den bhúiste cúscús ar na filléid, ansin rolláil suas[7] iad agus slisní den liamhás Parma[8] nó slisíní bagúin[9] timpeall orthu. Leag na filléid i mias a bhfuil im smeartha[10] uirthi.
- Clúdaigh agus róstáil in oigheann measartha te[11] ar feadh 20 nóiméad iad.
- Cuir ar an mbord é le prátaí rósta agus do rogha glasraí.

Le caoinchead Bord Bia www.bordbia.ie

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

An Carraigín

Ainm Eolaíochta: *Chondrus crispus*

Ainm Malartach Gaeilge: *Cosáinín carraige*

Tá 3 phríomhghrúpa feamainne[1] ann – feamainn dhearg[2], feamainn ghlas agus feamainn rua.

Is feamainn dhearg é an carraigín a fhaightear go coitianta san fharraige timpeall ar chósta na hÉireann. Fronn[3] a thugtar ar an gcuid sin den fheamainn atá mar a bheadh duilleog ar phlanda.

Feamainn bheag dhosach[4] atá sa charraigín, bíonn froinn leathana air agus iad roinnte go rialta i gcruth fean[5].

Bíonn dath álainn ar an gcarraigín. Agus é san uisce bíonn loinnir[6] ghormchorcra[7] ar bharr na bhfronn. Dathlonrachas[8] a thugtar ar loinnir dá leithéid.

Tá feamainn dhearg eile ann freisin ar a dtugtar clúimhín cait (*mastocarpus stellatus)* agus atá an-chosúil leis an gcarraigín.

Bíonn coirníní beaga[9] ar imeall na bhfronn agus fásann cnapáin[10] mar a bheadh faithní[11] ar na codanna is sine den phlanda.

Fíricí maidir leis an gcarraigín

Dath: Deargchorcra dorcha.

Méid: 7-15 cm ar a fhad

Gnáthóg: Fásann sé ar charraigeacha agus ar chlocha i locháin agus in uisce éadomhain ar íochtar an chladaigh.



Cá mbíonn teacht ar an gCarraigín?

De ghnáth faightear an carraigín faoi na feamainní móra donna a fhásann i locháin charraige[1]. Fásann sé ar charraigeacha in íochtar an chladaigh[2] freisin. Ní oireann[3] sé don chosáinín carraige a bheith lasmuigh den uisce ar feadh tamaill fhada.

Suíomh ar an gCladach



Crios steancála[1]

Uachtar an chladaigh[2]

Lár an chladaigh

Íochtar an chladaigh

Crios Fothaoideach[3]

An Carraigín – Bia agus Sláinte

Baintear úsáid as carraigín go forleathan sa chócaireacht. Is féidir an fheamainn féin a thriomú agus a ithe, ach baintear úsáid as freisin mar thiúsóir[1] in ábhar eile. Tá ábhar téachta[2] sa charraigín ar a dtugtar carraigínin[3]. Is breiseán[4] an-tábhachtach é an carraigínin i dtionscal an bhia[5]. Baintear leas as go minic le dhá leacht a chumasc[6] le chéile ina meascán mín[7] – anraith agus glóthach[8] mar shampla. Úsáidtear freisin é i dtaos fiacla, in uachtair agus in ungthaí[9].

Is féidir carraigín a úsáid chun maróg bhainne[10] thraidisiúnta a dhéanamh. Úsáidtear an carraigín i gcógais[11] chomh maith agus tá sé in úsáid in Éirinn leis na céadta bliain mar chóir leighis[12] ar shlaghdán, ar chasacht agus ar scornach thinn.

Nuair a bhaintear an carraigín ar mhaithe lena ithe[13] déantar é a ní agus a thriomú faoin ngrian chun é a leasú[14]. Tagann dath buí agus cuma thréshoilseach[15] air ansin agus éiríonn sé briosc[16].

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Eoin Ó Foghlú, An Foghlaí Bréige

Hóra, a chairde!

An raibh a fhios agaibh, fiú má tá sibh in bhur gcónaí i bhfad ón bhfarraige, go mbíonn tionchar mór aici oraibh fós. An cuimhin libh na **Seacht bPrionsbal**[1] a bhaineann le **Feasacht ar an bhFarraige**[2]? De réir an dara prionsabal, is í an fharraige agus beathra[3] na farraige a mhúnlaíonn gnéithe fisiceacha[4] an domhain.

Ainmhithe Beaga Bídeacha agus Gnéithe Móra Talún

Cé a chreidfeadh é, ach is é is cúis le[1] cuid de na gnéithe talún[2] is suaithinsí[3] ar domhan a bheith ann ná ainmhithe atá chomh beag sin go dteastódh micreascóp[4] uait chun iad a fheiceáil! Aillte Geala Dover[5], cuir i gcás. An chailc[6] as a bhfuil na haillte sin déanta, tá sí sin deánta de na trilliúin is na trilliúin sliogán iontaisithe[6]. Baineann na sliogáin sin le hainmhithe bídeacha mara ar a dtugtar *foraminifera*, agus maireann siad sin san fharraige fós. Is féidir mórán a fhoghlaim faoin timpeallacht san fharraige na milliúin bliain ó shin nuair a bhí na *foraminifera* sin beo ach scagadh[7] a dhéanamh ar na sliogáin sin.

Breoslaí iontaise[8] a thugtar ar pheitreal, díosal agus gás nádúrtha. Tuigimid anois go gcruthaítear dé-ocsaíd charbóin[9] nuair a dhóitear breoslaí dá léithéid. Ionsúnn[10] an fharraige an dé-ocsaíd charbóin ach fágann sé sin go mbíonn i bhfad níos mó aigéid[11] sa sáile dá bharr. Dá mbeadh an iomarca aigéid san fharraige ní bheadh *foraminifera* agus ainmhithe beaga mara eile ábalta a sliogáin a dhéanamh as carbónáit chailciam[12]. Tá seans go mbeadh an deacracht chéanna ag ainmhithe atá níos mó ná iad chomh maith – portáin, oisrí[13], diúilicíní[14] agus sliogéisc[15] eile. Cuimhnigh air sin, dá mbeadh an iomarca aigéid san fharraige na milliúin bliain ó shin ní bheadh Aillte Geala Dover againn anois!

Níl ansin ach sampla amháin den dochar a dhéantar don timpeallacht nuair a dhóitear breoslaí iontaise. Ach léiríonn sé cé chomh tábhachtach is atá an fuinneamh in-athnuaite[16]. Má táimid chun an dochar atá a dhéanamh don timpeallacht a mhaolú, caithfimid úsáid níos mó a bhaint as fuinneamh na gaoithe agus na gréine agus as fuinneamh na taoide agus na dtonn.

Lear Mór Gainimh

Is san fharraige a fhaightear cuid mhaith den ghaineamh atá ar an domhan. Is é is *fosú*[1] ann ná nuair a tharlaíonn nó nuair a bhailíonn sraith[2] nó ciseal[3] d'ábhar ar leith in áit ar leith. Mianrach[4], nó miotal áirithe, cuir i gcás nó gaineamh féin. Tá geolaithe[5] tar éis teacht ar fhosú gainimh[6] ollmhór sa Mhuir Thuaidh[7] a bhfuil méid 10 km ciúbach ann. Measann siad gur gaineamh easbhrúite[7] atá sa ghaineamh sin. Is é sin, gur brúchtadh aníos[8] trí screamh[9] an domhain agus ar ghrinneall na farraige[10] é faoi mar a bheadh laibhe[11] ag brúchtadh amach as bolcán.

Dá leagfaí an gaineamh sin go léir anuas ar Oileán Manhattan i Nua-Eabhrac, chlúdódh sé an t-oileán ar fad agus bheadh an gaineamh 160 méadar ar doimhneacht[11]!

In 2013 d'éirigh oileán nua sa Mhuir Thuaidh 24 cileaméadar amach ó chósta Schlewig - Holstein na Gearmáine. Is oileán gainimh atá ann agus ceaptar gur mar thoradh ar ghluaiseachtaí nádúrtha[12] na dtaoidí a cruthaíodh é. Le déanaí ainmníodh an t-oileán ina pháirc náisiúnta mhara. Faightear faoileáin, lachain Lochlannacha[13], feadóga cladaigh[14] agus fiú amháin fabhcúin ghorma[15] san oileán. Oileán na nÉan a thugtar anois air mar gheall ar líon na n-éan[16] a bhíonn ar an oileán.

Oileáin na hÉireann?

Nuair dhóitear breosla iontaise[1] cruthaíonn sé sin gáis cheaptha teasa[2]– gás ceaptha teasa is ea dé-ocsaíd charbóin[3] mar shampla. Bailíonn na gáis sin san atmaisféar agus cuireann sé sin leis an téamh domhanda[4].

Má éiríonn an teocht domhanda[4] ró-ard is baolach[5] go leáfaidh[6] na hoighearchaidhpeanna[7] ar an bPol Thuaidh[8] agus ar an bPol Theas. Dá dtarlódh sé sin scaoilfí na billiúin tonna d'uisce ar ais san fharraige.

Bheadh roinnt torthaí tubaisteacha[9] ag baint leis sin. Ar an gcéad dul síos[10] chuirfeadh sé isteach ar shruthanna na farraige[11], rud a d'athródh patrúin na haimsire agus d'fhágfadh go mbeadh níos mó stoirmeacha ann. Ar an dara dul síos[12], d'ardófaí leibhéal na farraige[13]. Cad a bheadh i ndán d'oileán na hÉireann dá n-ardódh leibheál na farraige 70 méadar? Bheadh cuid mhaith den tír faoi uisce, go deimhin, ní oileán na hÉireann a bheadh ann níos mó ach *oileáin* na hÉireann. Tá samhail[14] den chuma a bheadh ar an tír dá dá dtarlódh a leithéid le feiceáil ach cliceáil ar an nasc seo: http://www.broadsheet.ie/2014/11/28/ireland-in-bits/

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

An Phéacóg



Ainm eolaíochta: ***Inachis io***

Is furasta an phéacóg[1] a aithint mar bíonn ceithre shúil péacóige ar uachtar a sciathán[2]. Faoi mar a dhéanann féileacán eile, an ruán beag[3], is nós leis an bpéacóg dul isteach i dtithe chun áit oiriúnach[4] a aimsiú chun an geimhreadh a chaitheamh. Uaireanta caitheann an phéacóg an geimhridh ina codladh i stoc crainn[5] nó i gcarnán[6] adhmaid. Bíonn dath dorcha ar íochtar a sciathán ag an dá speiceas, an phéacóg agus an ruán beag. Cuidíonn sé sin leo dul i bhfolach i gcúinní dorcha i rith an gheimhridh.

Beireann an phéacóg a cuid uibheacha i mbraislí[7] móra ar an taobh thíos de dhuilleoga neantóg[8]. Tagann na boilb[9] amach as na huibheacha tar éis 7-12 lá. Fanann siad le chéile ina ngrúpa go dtí go mbíonn siad mór go leor le dul ag fánaíocht[9] astu féin. Is féidir leis an mbolb gluaiseacht go tapa. Má chuirtear isteach air[10], ardóidh sé tosach a choirp[11] den talamh agus cuirfidh sé cuma chrúca[12] air féin. Má éiríonn sé crosta titfidh sé go talamh agus tosóidh sé ag lúbarnaíl le báiní[13]!

Íomhánna le caoinchead ó Stáisiún Mara Inis Arcáin

Dathaigh Mé



Péacóg á beathú[1] féin ar bhláthanna *Buddleia.* Tor an fhéileacáin a thugar ar an tor[2] seo go coitianta mar go dtaitníonn sé go mór le féileacáin!

Comhad Firící

Réise sciathán[1]: 5.4-5.8 cm. Bíonn an ceann baineann beagáinín níos mó ná an ceann fireann.

Dath: Dath ruadhonn[2] dorcha agus marcanna buí agus dubh. Bíonn spota mór liathchorcra[3], mar a bheadh súil ann, ar gach aon sciathán.

Bia: Itheann na boilb[4] neantóga[5]. Itheann na féileacáin fhásta neachtar[6] thor an fhéileacáin agus bláthanna eile.

Bolb: Dubh agus spíonach[7]

Aghaidh Fidil agus Folach Bíog - An Duaithníocht -

Chuirfeadh na patrúin ar sciatháin na péacóige súile éin i gcuimhne duit. Go deimhin, nuair fhéachann tú ar an bpéacóg agus í bunoscionn, chuirfeadh na patrúin ar a sciatháin súile agus gob[1] éin chreiche[2] i gcuimhne duit. Ní trí sheans[3] atá sé sin amhlaidh[4]. Nuair a fheiceann lucha nó éin bheaga nó creachadóirí[5] na súile agus an gob sin scanraítear[6] iad agus ní chuireann siad isteach ar an bpéacóg.

A mhalairt atá fíor[7] faoin taobh thíos de[8] na sciatháin. Dath dorcha a bhíonn orthu sin. Filleann[9] an phéacóg a sciatháin agus í ina codladh nó ag ligean a scíthe ar stoc crainn, nó i gcúinne dorcha. Fágann an dath dorcha sin ar an taobh thíos de na sciatháin go mbíonn sé an-deacair an phéacóg a fheiceáil agus í ar stoc crainn, cuir i gcás. Luíonn[10] dath dorcha na sciathán isteach le dath na coirte[11]. Duaithníocht[12] a thugtar ar a leithéid sin, is é sin, nuair a bhíonn dath nó patrún ar leith ar ainmhí a chabhraíonn leis dul i bhfolach.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Trasna na dtonnta ...



© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Sábháilteacht ar Muir

Coimisinéirí Soilse na hÉireann

Má théann tú timpeall ar chósta na hÉireann in aon chor, ní bheidh ort dul ró-fhada sula bhfeicfidh tú teach solais[1], rabhcán[2] nó baoi[3]. Comharthaí loingseoireachta[4] a thugtar orthu sin ar fad. Is treoir iad do bháid agus do longa agus tugann siad rabhadh dóibh i dtaobh contúirtí nó guaiseacha[5] timpeall an chósta.

Cuireann Coimisinéirí Soilse na hÉireann seirbhís riachtanach sábháilteachta[6] ar fáil ar fud an chósta. Is iad atá freagrach as cothabháil na gcomharthaí loingseoireachta ar fud an chósta. Uaireanta déanann siad an obair sin i gcomhar leis[7] na húdaráis áitiúla[8].

Bíonn gach bád agus long a thagann i dtír[9] i gcuan nó i gcalafort[10] ar bith ar fud na tíre ag brath ar an tseirbhís sin a chuireann Coimisinéirí Soilse na hÉireann ar fáil. Ní hamháin sin ach is crann taca[13] agus is cosaint í an tseirbhís sin do phobail timpeall an chósta ar fad a bhíonn ag brath ar an bhfarraige chun slí bheatha a dhéanamh dóibh féin.

www.irishlights.ie

Comharthaí Loingseoireachta

Tá dualgas reachtúil[1] ar Rialtas na hÉireann[2] agus ar Rialtas na Breataine faoi Choinbhinsiún SOLAS 1974 comharthaí loingseoireachta a sholáthar agus a chothbháil ar fud chósta oileán na hÉireann. Cuireann Coimisinéirí Soilse na hÉireann an tseirbhís sin ar fáil thar ceann[3] an dá rialtas.

Íomhá le caoinchead Choimisinéirí Soilse na hÉireann.

Dleachtanna Solais

Gearrtar táille[1] ar leith ar gach long tráchtála[2] a thugann cuairt ar chalafort[3] ar bith in Éirinn. **Dleacht solais**[3] a thugtar ar an táille sin. Baintear úsáid as na táillí sin chun comharthaí loingseoireachta a sholáthar agus a chothabháil ar fud chósta na hÉireann. Tá an táille a ghearrtar bunaithe ar[4] mheáchan na loinge[5].

An LSE *Granuaile*

Tá long dá gcuid féin Coimisinéirí Soilse na hÉireann, an LSE *Granuaile*. Fiú nuair a bhíonn drochaimsir cheart ann agus an fharraige an-gharbh bíonn an *Granuaile* fós ábalta dul amach agus feidhmhiú[1] mar is ceart. Tá fearas suite[2] ar an long atá ceangailte le saitilít[3] agus atá an-bheacht[4] ar fad.

Is é príomhfheidhm[5] na loinge an 150 baoi mara ar fud an chósta a shocrú[6] agus a chothabháil[6]. Tugann na baoithe rabhadh do mhairnéalagh faoi oitreacha gainimh[7], scairbheacha[8] agus contúirtí eile atá gar do na bealaí long[9].

Íomhá le caoinchead Choimisinéirí Soilse na hÉireann.

Tá héileapad[10] ar an long a fhágann go mbíonn héileacaptair ábalta tuirlingt uirthi agus iad ag freastal ar na tithe solais amach ón gcósta. Ina theannta sin, is minic a chuirtear an LSE *Granuaile* ar fáil chun cabhrú le heagraíochtaí eile stáit[11], go háirithe i gcás timpistí agus éigeandála[12]. Ach chomh maith leis sin, bíonn sí ar fáil chun cabhrú nuair a bhíonn doirteadh ola[13] le glanadh suas nó nuair a bhíonn taighde[14] nó obair shuirbhéireachta[15] ar siúl amach ón gcósta.



Íomhá le caoinchead Robbie Murphy

An rabhcán ar Inis Fada, atá amach ón Scoil in iarthar Chorcaí. Tá teach solais Charraig Aonair sa chúlra.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Comharthaí Loingseoireachta

Is é is comhartha loingseoireachta[1] ann ná teach solais[2], baoi[3], rabhcán[4] nó solas. Bíonn siad ann chun cabhrú le mairnéalaigh[5] a mbealach a dhéanamh go slán agus go héifeachtach ar an bhfarraige. Ina theannta sin tugann siad rabhadh[6] dó mhairnéalaigh mar gheall ar chontúirt[7] ar bith a bheadh rompu. Baineann mairnéalaigh úsáid as na comharthaí mar threoir[8] chun carraigeacha nó réimsí contúirteacha farraige[9] a sheachaint agus chun calafoirt[10] a bhaint amach go sábháilte. Bíonn gach uile chomhartha díobh lonnaithe i suíomh faoi leith[11] ar dhromchla an domhain[12]. Ciallaíonn sé sin gur féidir iad a aimsiú go héasca ar léarscáil[13] agus ar fhearas leictreonach[14]. Cuid de na comharthaí, is stáisiúin fhosaithe[15] iad ar talamh. Ach tá cuid acu ar snámh[16] i lár na farraige agus ní féidir iad a bhaint amach gan bád nó héileacaptar a úsáid – baoithe mar shampla. Uaireanta bíonn níos mó ná feidhm amháin ag comhartha faoi leith: seans gurb é an struchtúr féin an comhartha, rabhcán bán ar charraig, cuir i gcás. Ach seans go mbeadh solas nó marcanna eile air leis. Seo thíos na comharthaí ar fad atá ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann timpeall na tíre.

Tithe Solais Móra

Tá Coimisinéirí Soilse na hÉireann ag obair i gcomhar le dreamanna áitiúla ó thuaidh agus ó dheas chun 12 de na tithe solais is mó sa tír a oscailt don phobal. Is féidir fanacht thar oíche i gcuid de na tithe solais, agus is féidir go leor a fhoghlaim faoin stair a bhaineann leo, féach: www.greatirishlighthouses.com.

Baoithe

Is fearas[1] é baoi a bhíonn ar snámh[2] san uisce agus a shocraítear ar ancaire[3]. Cabhraíonn siad le mairnéalaigh fios a mbealaigh a fháil agus uaireanta feidhmíonn siad mar rabhadh mar gheall ar chontúirtí[4] a bheadh san fharraige timpeall orthu. Is minic a chuirtear trealamh[5] orthu chun sonraí a chruinniú maidir leis an aimsir agus maidir leis an bhfarraige.

Tithe Solais

Tá Coimisinéirí Soilse na hÉireann freagrach as breis agus 70 teach solais timpeall na tíre. Cuid riachtanach[1] den chóras sábháilteachta[2] ar muir[3] is ea na tithe solais. Tá siad ar fad uathoibrithe[4] anois, is é sin, ní bhíonn aon fhoireann lonnaithe[5] iontu.

Héileapadanna

Tá 8 héileapad ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann timpeall ar chósta na hÉireann. Is féidir le héileacaptair tuirlingt orthu nuair a bhíonn obair le déanamh ar na tithe solais.



Rabhcáin

Is é is rabhcán ann ná comhartha loingseoireachta a mharcálann suíomh ar leith. Is féidir gach ceann díobh a aithint ón gcruth, dath, nó patrún atá air nó ón mbarrmharc[1] nó ón gcineál solais atá air. Tá Coimisinéirí Soilse na hÉireann freagrach as 29 rabhcán timpeall an chósta.

Meit-Aigéin

Faoi láthair tá 7 mbaoi agus 2 theach solais feistithe[1] le braiteoirí[2] speisialta chun sonraí a bhailiú. Seoltar na sonraí meitéareolaíochta[3] agus aigéaneolaíochta[4] sin ar ais chuig an gceanncheathrú[5] lena gcur ar líne.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Tóraíocht Dúlra an Earraigh

Cé mhéad de na rudaí seo thíos is féidir leat a aimsiú agus tú amuigh faoin aer sna seachtainí romhainn? Nuair a fheiceann tú ceann de na rudaí thíos cuir tic sa bhosca cuí. D'fhéadfá comórtas a bheith agat le do chairde féachaint cé a chríochnóidh an tóraíocht dúlra[1] ar dtús!

Bachlóg[2] ar chrann ☐

Uan ☐

Bogha Ceatha ☐

Beach ag crónán[3] ☐

Coinnle corra[4] ☐

An ghrian ag dul faoi ☐

Cróch[5] ☐

Lorg seilide[6] ☐

Planda ag péacadh[7] ☐

Lorg ainmhí[8] ☐

Leoithne gaoithe bogthe[9] ☐

Lus an chromchinn[10] ☐

Bachlóg blátha[11] ☐

Bláthanna silín[12] ☐

Nóinín ☐

Buaircín[13] ☐

Lochán d'uisce báistí ☐

Corrán gealaí[14] ☐

Ealta éan[15] ☐

Foraois ☐

Bolb[16] ☐

Leabhar dúlra ☐

Lochán ☐

Éan ar chraobh ☐

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

Ailbí, an Turtar Ailbíneach

Tá monatóireacht[1] á déanamh le 9 mbliana anuas ar neadacha an turtair ghlais[2] san Astráil. Tá dream amháin de ghníomhaithe timpeallachta i mbun na hoibre sin ar Chósta Gréine[3] Queensland. Agus iad ar thuras taighde[4] le déanaí tháinig an grúpa ar nead turtair ina raibh 122 ubh agus na turtair óga díreach ag teacht amach astu. Ní rud neamhghnáthach[5] é sin ann féin, ach tháinig siad ar rud eile a tharraing go leor cainte ar fud an domhain.

An turtar deiridh a thochail a bhealach[6] amach as an nead, b'ailbíneach[7] a bhí ann, is é sin, ní raibh dath ar bith air. Is é an t-ainm a bhaist siad ar an turtar bán ná *Ailbí*. Is go fíorannamh a fheictear turtar ailbíneach. D'éirigh leis an bhfoireann a chinntiú go ndearna an turtar a bhealach chun na farraige go slán sábháilte. Ní hamháin sin ach d'éirigh leo an eachtra ar fad a thaifeadadh ar scannán[8].

Beacha faoi bhagairt

Bhí crónán[1] agus monabhar[2] le clos ar fud na tíre i Mí Mheán Fómhair 2015 nuair a tháinig 68 eagras[3] le chéile chun Plean Uile-Éireann na bPailneoirí 2015-2020[4] a chur le chéile. Is é an rud a chuir siad rompu[5] sa phlean ná deireadh a chur le meath na mbeach[6] in Éirinn.

Ar chúiseanna éagsúla bíonn níos lú agus níos lú[7] bláthanna fiáine ag fás timpeall na tíre. Is ar bhláthanna fiáine a bhíonn beacha a gcothú féin[8] den chuid is mó. Ach toisc a laghad[9] acu a bhíonn ann anois bíonn an-chuid beach ag fáil bháis le hocras. Faightear 98 speiceas beach in Éirinn agus tá gach aon speiceas díobh sin go léir faoi bhagairt[10] anois. Níos measa fós, tá an baol ann go ndíothófar[11] an tríú cuid de na speicis sin.

Is pailneoirí[12] iad na beacha, rud a chiallaíonn go n-iompraíonn siad pailin[13] ó bhláth go bláth. Nuair a dhéanann na beacha é sin toirchíonn[14] siad an planda agus bíonn an planda ábalta torthaí agus síolta a thabhairt ansin. Murach na beacha agus an pailniú[15] a dhéanann siad ní fhásfadh barr[16] ar bith. Mar sin ba cheart dúinn gach ar féidir linn á dhéanamh le cuidiú leis na beacha.

Tá leagan do dhaoine óga de Phlean Uile-Éireann na bPailneoirí 2015-2020 ar fáil ag: http://ark.ie/downloads/Junior_Pollinator_Plan_for_Web2.pdf

Tháinig *Happy Socks* ar ais ar snámh!

Ar an 5 Eanáir 2016 cuireadh glaoch ar bhád tarrthála[1] Bhaile Chaisleáin Bhéarra[2]. Bhíothas tar éis bád beag a fheiceáil i mBá Dhún Mánais[3] in iarthar Chorcaí agus í ag dul le sruth[4]. Bád iomartha[5] a bhí inti agus bhí sí déanta as snáithín carbóin[6]. *Happy Socks* an t-ainm a bhí ar an mbád agus bhí sí folamh nuair a thángthas uirthi[7].

Fuarthas nóta sa bhad agus bhí an méid seo a leanas scríofa ann:

> *''Sé do bheatha. Má thagann tú ar an mbád seo bheinn buíoch díot ach teagmháil liom, Sarah Outen. Tógadh ón mbád mé ar an 03/10/2015 nuair a bhí an bád ag an suíomh seo: I 029.10, T 44.31. Bhí speirling[8] tuartha agus b'éigean dom an bád a thréigean[9].'*

Chomh maith leis sin thug Sarah a cuid sonraí teagmhála.

Is taiscéalaí[10] í Sarah agus chuir sí chun farraige[11] ag Droichead na dTúr[12] i Londain in Aibreán na bliana 2011. Bhí sí ag imeacht ar thuras eachtraíochta[13] ar ar thug sí *London2London: Via the World* agus é i gceist aici dul mórthimpeall ar an leathsféar thuaidh[14] ar fad ar mhaithe le hairgead a bhailiú ar son carthanas[15]. Ach ní haon gnáth-thuras a bhí ann mar bhí sé mar aidhm ag Sarah an turas fada sin a dhéanamh gan ach bád iomartha, rothar agus cadhc[16] a úsáid.

Ar an gcuid deiridh den turas d'fhág Sarah Cape Cod ar chósta thoir Mheiriceá Thuaidh chun dul trasna an Atlantaigh sa bhád. Ar an drochuair, tháinig an spéirling *Joaquin* agus b'éigean do Sarah an bád a thréigean agus í siar ó chósta na Portaingéile. Bhí gaoth 60 muirmhíle san uair (111 km san uair) ag séideadh agus na tonnta chomh mór sin go raibh an baol ann go mbáfaí an bád agus Sarah ar aon. Bhí uirthi cabhair a fháil ó long lastais[17] a bhí ag dul thar bráid agus slán a fhágáil lena bad *Happy Socks*. Chaith an bád 143 lá ag imeacht le sruth agus ar deireadh shroich sí Bá Dhún Mánais go slán sábháilte. D'éirigh le foireann tarrthála Bhaile Chaisleáin Bhéarra an bád a tharrtháil tugadh ar ais do Sarah í. Is í a bhí sásta léi féin!

An tOllturtar blaoscbhog Yangtze

Fuair ollturtar blaoscbhog Yangtze[1] bás le déanaí agus anois níl ach trí cinn de na turtair sin fágtha ar domhan. *Cu Rua* an t-ainm a bhí ar an turtar agus bhí sé ina chónaí i loch i gceartlár Hanoi i Vítneam. Is é is brí le *Cu Rua* ná 'sin-seanturtar'[2]. Meastar go raibh sé breis is 100 bliain d'aois agus bhí an-chion ag muintir Vítneam go léir air.

As na trí thurtar atá fós beo, tá ceann fireann agus ceann baineann i Zú Changsa sa tSín. In theannta sin, tá ceann fireann eile i loch gar do Hanoi i Vítneam. B'iontach an rud é dá n-éireodh leis na cinn sin sa tSín síolrú[3], ach faraor géar[4], tá seans maith nach n-éireoidh leo.

© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.